A chomhghleacaithe,

Cuireann sé ríméad orm fáilte a fhearadh roimh Thaoiseach na hÉireann, Micheál Martin, chun clár gníomhaíochtaí Uachtaránacht na hÉireann a chur i láthair.

A Mhichíl, a chara, fáilte chuig Parlaimint na hEorpa.

Le corradh agus 50 bliain, de dheasca mheon muintearais, comhair agus comhréitigh na hÉireann, tá dul chun cinn déanta ag an Eoraip agus tá a shliocht sin le sonrú ar mar a bhraithimid mar Eorpaigh. Agus Éire ar tí tabhairt faoin dualgas seo, an t-ochtú hUachtaránacht de chuid na tíre sin go dtí seo, tá a fhios agam go bhfuil sí ullamh go huile agus go hiomlán chun an Eoraip a stiúradh ar chonair ina ndéanfar a seasamh a fhorbairt chuig staid nárbh fhacthas riamh cheana.

Tá sé mhí chinniúnacha os ár gcomhair ar an mór-roinn seo. De réir mar atá an domhan mórthimpeall orainn ag éirí níos éiginnte, tá éileamh á dhéanamh ag muintir na hEorpa ar Aontas níos sábháilte, níos láidre agus níos muiníní a bheith ann. Aontas ag a bhfuil seasamh diongbháilte ar an leibhéal domhanda, a ghníomhaíonn chun saol na ndaoine atá faoina chúram féin a fheabhsú ar bhealaí réalaíocha, nithiúla.

Is ar a shon sin a bhíonn muidne sa Pharlaimint seo ag saothrú gach uile lá. Le do cheannaireacht agus leis an mbéim atá leagtha ag d'Uachtaránacht ar an iomaíochas, ar an tslándáil agus ar luachanna, is mór agam go bhfuilimid araon ar aon fhocal maidir lena bhfuil le baint amach.

Sna míonna amach romhainn beidh deis againn oibriú as lámh a chéile ar roinnt comhaid cheannródaíocha agus an dul chun cinn atá á éileamh ag muintir na hEorpa orainn a chur i gcrích. Rud lena ndéanfar naisc níos dlúithe a chruthú inár nAontas, lena gcabhrófar le gnólachtaí forbairt a dhéanamh, agus lena dtabharfar tacaíocht dár gcomhghuaillithe agus lena ndéanfar borradh a chur faoinár slándáil féin an tráth céanna. Idir an dá linn, cinnfear leis an gcaibidlíocht ar an gcéad bhuiséad ilbhliantúil eile cé chomh hullmhaithe agus atáimid do na seacht mbliana amach romhainn.

Agus na dúshláin sin ar fad á n-áireamh, is féidir le hÉirinn leanúint de bheith ag brath ar dhea-thoil agus ar thacaíocht na Parlaiminte seo. Mar is gnách, tugtar an chraobh do ráiteas na hÉireann: *Ní neart go cur le chéile.* Neart agus aontacht. Is é sin ár modh sainiúil Eorpach, agus caithfear leanúint dó chun muid a threorú sna míonna amach romhainn.

A Thaoisigh, a chara, tá a fhios agam go bhfuilimid go léir ag tnúth lena bhfuil le rá agat. Gan tuilleadh moille, tugtar deis labhartha duitse anois.